BILEOG OIBRE

Glanadh fiailí agus cúram i rith an tsamhraidh

Tráth Bliana

I rith an tsamhraidh go háirithe.

Ceangal trasna an churaclaim

OSIE:	Dúile Beo, Feasacht agus cúram Imshaoil.
Béarla:	Focail nua/litriú.
OSPS:	Saoránacht ghníomhach fhreagrach.
Corpoideachas:	Gníomhaíocht fhisiciúil, comhoibriú, comhordú.
An Curaclam Neamhfhoirmeálta:	Discover Primary Science.

1

Na hacmhainní is gá

• Liáin • pícíní láimhe • miotóga • neantóg • bia leachta comfar nó feamainne • cannaí uisce.

2

Cúram i rith an tsamhraidh

Seo a leanas an phríomhobair a dhéantar i rith an tsamhraidh:

- Glanadh fiailí.
- Uisciú (féach an bhileog taca faoi 'Uisciú').
- Bia leachta a thabhairt do na plandaí.
- Smacht ar lotnaidí (féach an bhileog taca maidir le 'Óstáin d'fheithidí / Lotnaidí agus Creachadóirí').
- Obair chothabhála agus an garraí a choinneáil néata.

3

Glanadh fiailí

- Is plandaí iad na fiailí ach iad san áit chontráilte. Níl aon trioblóid leo ach amháin sa chás go mbeidís ag tógáil ábhar cothaithe nó solas ó na torthaí nó ó na glasraí.
- I measc na gcineálacha is coitianta, bheadh an chopóg, neantóga, blonagán bán, fliodh, caisearbhán, broimfhéad (féar gaoil), ialus, driseacha agus glúineach dhearg.
- Bí cúramach nach gcuirtear isteach ar fhréamhacha na nglasraí agus na fiailí á nglanadh as an ngarraí.
- Is féidir an grafóg a úsáid ag glanadh idir na rónna - ar an lá breá gréine is fearr sin a dhéanamh ó marófar na fréamhacha má fhágtar ar an gceapach iad.
- Nuair a bhítear ag glanadh de láimh, úsáidtear liáin nó pícíní láimhe ar fhiailí níos lú.
- Déantar tochailt síos faoi na fréamhacha agus glantar amach an fhréamh ar fad ionas nach bhfásann na fiailí ar ais.
- Úsáidtear móta thart ar na glasraí ionas gur lú an glanadh a bhíonn le déanamh (féach eolas breise ar an mbileog taca maidir le 'Ceapacha glasraí sa gheimhreadh').
- Is tréine go mór a fhásann na fiailí i rith mhíonna an tsamhraidh, tirailtear an beagán go minic ó thaobh an ghlantacháin.
- Is ábhar itheacháin roinnt de na fiailí, mar sin is fiú bheith éisealach faoin ní a ghlantar agus a choinnítear, eg. fliodh.
- Cuirtear na fiailí leis an múirín nó leis an bpéistlann.

OBAIR Í SEO ATÁ OIRIÚNACH DO NA RANGANNA AR FAD

Glanadh fiailí agus cúram i rith an tsamhraidh ar lean.

Sláinte & Sábháilteacht

Lúbtar na glúine, seachas an droim a chromadh, nuair a bhítear ag glanadh fiailí.
Nitear na lámha i gcónaí tar éis seisiún garraíodóireachta.

4 Bia Leachta

- Próiseas an bia leachta trína mbaintear ábhar cothaithe agus mianraí as plandaí úsáideacha sa gharraí.
- Is iad na plandaí is mó a úsáidtear le bia leachta a dhéanamh, neantóga, comfar agus an chopóg.
- Neantóga – lán le nitrigin, tá siad go maith le haghaidh ábhar glas, péacáin agus fréamhacha, agus le haghaidh glasraí glasa, mar shampla, cabáiste, brocailí agus spionáiste.
- Comfrey – lán le potaisiam; tá sé go maith le haghaidh plandaí a thagann faoi bhláth agus faoi thorthaí, mar shampla, trátaí, puimcíní agus cúirséad.
- An chopóg – mianraí agus ábhar cothaithe.
- Feamainn – mianraí agus ábhar cothaithe, nitrigin, potaisiam.

Bia leachta a dhéanamh

- Úsáidtear buicéad mór nó bairille agus cuirtear in aice leis na glasraí é sa gharraí, líontar le huisce é.
- Cuirtear duilleoga neantóga, comfair agus/nó copóige ann chomh maith le feamainn (má tá sí le fáil).
- Fágtar ann iad go lobhann siad, is féidir é a úsáid tar éis 3 lá.
- Cuirtear uisce leis an mbia leachta i gcanna uisce go mbíonn sé mar a bheadh tae lag ann agus cuirtear sin ar na glasraí.
- Déantar iarracht bia leachta a chur ar na plandaí gach cúpla seachtain.

5 Gnáthobair chothabhála

- Scrúdaítear na plandaí go rialta maidir le lotnaidí agus galair.
- Glantar aon phlandaí marbha nó plandaí nó páirteanna de phlandaí a bhfuil galair orthu as an ngarraí (ná cuirtear leis an múirín iad).
- Coinnítear an garraí néata.
- Cinntítear go bhfuil an cúl taca a theastaíonn leis na plandaí - b'fhédir gur ghá tuilleadh stacáin a chur isteach de réir mar a fhásann an planda.
- Baintear na glasraí de réir mar a bhíonn siad lánfhásta - réitítear agus itear iad más féidir!

6 Laethanta saoire an tsamhraidh

Pleanáiltear d'uisciú agus d'aire a thabhairt do na ceapacha ar feadh laethanta saoire an tsamhraidh, triailtear na tuismitheoirí, an t-oibrí cothabhála agus na múinteoirí a tharraingt isteach san obair (féach an bhileog taca maidir le 'Páirt an Phobail').

7 Áiteanna a mbeadh breis eolais le fáil?

The Year Round Organic School Garden
(Living Publications) ISBN 978 0 9561301-0-5

gortbrackorg@gmail.com

8 Tionscadail taighde

OSIE – Cineálacha bia leachta a iniúchadh, taighde a dhéanamh faoin ábhar cothaithigh a theastaíonn ón bplanda le fás agus faoin gcaoi a bhfaigheann siad an cothú ón ithir.
An Oidhreacht Áitiúil – Cén úsáid a bhíonn as fiailí? An bhfuil aon chineál is féidir a úsáid i gcógas leighis nó sa chócaireacht?
Ealaín / Cumarsáid – déantar ábhar taispeántais don gharraí nó do chlár fógraí na Scoileanna Glasa maidir le clár oibre an tsamhraidh nó bia leachta.